Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Márta 2024**
**(OR. en)**

**6749/24**

**UEM 37**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Banque centrale du Luxembourg |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Banque centrale du Luxembourg**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 29 Eanáir 2024 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Banque centrale du Luxembourg (BCE/2024/3)[1],

[1] IO C, C/ 2024/1363, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1363/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh chun iniúchadh a dhéanamh ar chuntais BCE agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha Banque centrale du Luxembourg, Ernst & Young S.A., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2023. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2024 ar aghaidh.

(3) Roghnaigh Banque centrale du Luxembourg KPMG Audit S.à r.l. mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2024 go 2028.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí KPMG Audit S.à r.l. mar iniúchóirí seachtracha ar Banque centrale du Luxembourg do na blianta airgeadais 2024 go 2028.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE[2] ón gComhairle a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

2 Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69).

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Leis seo, ceaptar KPMG Audit S.à r.l. mar iniúchóirí seachtracha Banque centrale du Luxembourg do na blianta airgeadais 2024 go 2028.'.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*